Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11832/26**

**CONUN 132**
**ONU 46**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais sna Náisiúin Aontaithe le linn an 81ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2026 go Meán Fómhair 2027 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe le linn an 81ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2026 go Meán Fómhair 2027, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 4191ú cruinniú a reáchtáladh an 13 Iúil 2026.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais sna Náisiúin Aontaithe le linn an 81ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Meán Fómhair 2026 go Meán Fómhair 2027**

1. Creideann an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit go daingean gur chun leasa chomhchoitinn agus aonair cách é, urraim don dlí idirnáisiúnta agus do chomhionannas ceannasach agus iomláine chríochach na Stát uile a áirithiú, gealltanas a thabhairt díospóidí a réiteach ar bhealach síochánta agus infheistiú sa chomhar idirnáisiúnta.

2. I bhfianaise brúnna geopholaitiúla, agus fás a bheith ag teacht ar an ilroinnt, ar chonspóidí agus ar sháruithe tromchúiseacha ar noirm uilíocha agus ar an dlí idirnáisiúnta, tá an tAontas diongbháilte i gcónaí ina thiomantas do chóras iltaobhach, bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, agus tá sé diongbháilte i gcónaí fanacht dílis do chuspóirí uilíocha agus do phrionsabail uilíocha Chairt na Náisiún Aontaithe agus an oird idirnáisiúnta riailbhunaithe, agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár, chun síocháin agus slándáil, urraim do chearta an duine agus forbairt inbhuanaithe a áirithiú do chách.

3. Leanfaidh an tAontas de bheith ina chomhpháirtí intuartha inchreidte agus leanfaidh sé de bheith ag comhoibriú le comhpháirtithe eile a bhfuil sé de rún daingean acu an dlí idirnáisiúnta a chosaint agus a chur cinn, lena n-áirítear comhionannas ceannasach agus iomláine chríochach na Stát uile, atá tiomanta teacht ar réitigh dhomhanda ar dhúshláin choiteanna, lena n-áirítear tríd an gComhshocrú don Todhchaí agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis a chur chun feidhme.

4. Ní mór forlámhas a bheith ag an iltaobhachas atá bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Cairt na Náisiún Aontaithe agus urraim uilíoch do chearta an duine, chun polaitíocht na cumhachta agus dlí an té is láidre a sheachaint. Is iarracht chomhchoiteann thábhachtach é lenar féidir teacht ar réitigh chomhroinnte i dteannta a chéile, agus iad a fhorbairt, a ghlacadh agus a chur chun feidhme go comhpháirteach. Ní mór go mbeadh sé ina phríomhthagarmarc i gcónaí againn le haghaidh gníomhaíocht iltaobhach éifeachtach tionchar dearfach intomhaiste a imirt ar shaol na ndaoine. Trí idirphlé, muinín, dlúthpháirtíocht agus gníomhaíocht chomhchoiteann a chothú, cuidíonn an t-iltaobhachas le riosca na coinbhleachta a mhaolú agus le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda, réigiúnacha agus náisiúnta agus ar na hidirthuilleamaíochtaí eatarthu. Tá domhan ina bhfuil institiúidí iltaobhacha dinimiciúla agus iltaobhachas éifeachtach treisithe níos sábháilte agus níos rathúla ná domhan dá n-uireasa.

5. Leagann an tAontas béim ar an ról ríthábhachtach lárnach atá ag na Náisiúin Aontaithe maidir le haghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin dhomhanda, go háirithe bagairtí ar an tsíocháin agus ar an tslándáil agus iarmhairtí géarchéimeanna agus coinbhleachtaí ar an tslándáil dhomhanda bia agus uisce, ar fhuinneamh, ar chórais airgeadais agus ar shlabhraí soláthair, go háirithe do na daoine is leochailí.

6. Agus an domhan ag athrú, ní mór don chóras iltaobhach leanúint de bheith ag athrú dá réir. Dá bhrí sin, is príomhthosaíocht i gcónaí é don Aontas agus dá Bhallstáit an córas iltaobhach a fhorbairt, a athchóiriú agus a neartú, agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár, agus a éifeachtacht agus a chuimsitheacht a fheabhsú, agus an comhar idir réigiúin á dhoimhniú ag an am céanna agus comhpháirtíochtaí le tíortha agus le heagraíochtaí réigiúnacha á dtreisiú chun a áirithiú go mbeidh an córas iltaobhach níos ionadaíche do chách agus go dtiocfaidh dea-thoradh as do chách.

7. Leanfaidh an tAontas dá theagmhálacha leis na comhpháirtithe chun athchóiriú na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn, go háirithe trí 'tionscnamh NA80' agus tionscnaimh eile, agus i gcomhréir leis na huaillmhianta a comhaontaíodh sa Chomhshocrú don Todhchaí. Leis na hiarrachtaí sin táthar ag súil go mbeidh na Náisiúin Aontaithe níos prionsabálta, níos éifeachtaí, níos costéifeachtúla agus níos freagrúla, agus go mbeifear in ann na trí cholún idirnasctha, mar atá an tsíocháin agus an tslándáil, cearta an duine agus an fhorbairt inbhuanaithe, a bhaint amach go héifeachtúil.

8. Ní mór dúinn seasamh le cuspóirí agus prionsabail reachtúla uilíocha Chairt na Náisiún Aontaithe agus athchóirithe cuimsitheacha a dhéanamh ar chóras na Náisiún Aontaithe ós é sin an t-aon bhealach amháin chun géarchéimeanna a réiteach go síochánta, an bhochtaineacht agus neamhionannais a chomhrac, lena n-áirítear neamhionannas inscne agus cineálacha iomadúla trasnacha idirdhealaithe, urraim don smacht reachta, don daonlathas agus do chearta an duine a chur chun cinn, forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn do chách, gníomhú éifeachtach ar son na haeráide, aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus bagairtí ar ár slándáil chomh maith lenár rathúnas agus lenár bhforbairt inbhuanaithe leanúnach a chomhrac.

9. Leanann an tAontas agus a Bhallstáit d'infheistíocht pholaitiúil a dhéanamh i bhfeidhmiú na Náisiún Aontaithe agus dá dtiomantas daingean agus comhsheasmhach d'fheidhmiú na Náisiún Aontaithe a léiriú, agus iad fós, i dteannta a chéile, ar na ranníocóirí polaitiúla agus airgeadais is mó agus is iontaofa atá acu. Ní hamháin go measann an tAontas gur oibleagáid é sin, ach is léiriú é freisin ar an gcomhar iontaofa lena ngabhann freagrachtaí do na Ballstáit uile agus measann sé go dtiocfaidh ceapacháin chothroma agus toghcháin chothroma chuig príomhphoist shinsearacha laistigh de chóras na Náisiún Aontaithe as agus leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt d'iarrthóirí cáilithe agus iad a chur chun cinn.

10. Is cúis mhór imní dúinn srianta leanúnacha leachtachta na hEagraíochta, a ngabhann impleachtaí tromchúiseacha oibríochtúla leo. Tá maoiniú inbhuanaithe intuartha na Náisiún Aontaithe do na colúin go léir fíor-riachtanach chun a shainordú a bhaint amach. Táimid lántiomanta i gcónaí páirt chuiditheach, phragmatach, agus de mheon na comhthola, a ghlacadh chun réitigh bhuana ar an ngéarchéim seo a shainaithint agus chun príomhfheidhmeanna chóras na Náisiún Aontaithe a chosaint. Dá bhrí sin, athdhearbhaíonn an tAontas agus a Bhallstáit nach rud roghnach é na ranníocaíochtaí measúnaithe a íoc. Is oibleagáid dhlíthiúil é faoin gCairt. Tá Ballstáit an Aontais tiomanta i gcónaí a ranníocaíochtaí éigeantacha airgeadais a íoc ina n-iomláine agus in am.

11. Is tréimhse aistrithe do cheannaireacht na Náisiún Aontaithe é an 81ú seisiún de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe (UNGA). Tréaslaímid le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, António Guterres, as na hiarrachtaí gan staonadh atá déanta aige chun domhan níos fearr agus níos cothroime a bhaint amach, tríd an tsíocháin a chur chun cinn, cearta an duine a chaomhnú, an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, agus an t-athrú aeráide a chomhrac. Beidh sé ríthábhachtach Ardrúnaí nua a roghnú chun treo agus tosaíochtaí na Náisiún Aontaithe do na blianta amach romhainn a mhúnlú agus a chinneadh. Leanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit de bheith rannpháirteach go gníomhach sa phróiseas roghnúcháin agus beidh siad faoi réir chun oibriú leis an Ardrúnaí nua ón tús. Ag an bpointe cinniúnach seo, teastaíonn Ardrúnaí ó na Náisiúin Aontaithe atá tiomanta go daingean do Chairt na Náisiún Aontaithe chun cabhrú le coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach, muinín a chothú an athuair, deighiltí a dhúnadh, gníomhaíocht chomhchoiteann a shlógadh, dlús a chur le hathchóirithe ar na Náisiúin Aontaithe, agus torthaí nithiúla a bhaint amach a chuirfidh feabhas ar shaol na ndaoine, go háirithe iad siúd is mó atá i ngátar.

12. Agus an méid thuas á chur san áireamh, beidh na tosaíochtaí seo a leanas mar threoir do ghníomhaíocht an Aontais ag na Náisiúin Aontaithe sa bhliain atá romhainn amach:

    I. *Córas iltaobhach éifeachtúil, éifeachtach agus cuimsitheach a chosaint agus a fhorbairt atá fréamhaithe go daingean i gCairt na Náisiún Aontaithe agus sa dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine*

    II. *Athchóirithe a chur chun cinn i dtreo Náisiúin Aontaithe a bheidh éifeachtach costéifeachtach, freagrúil i ngach ceann de na trí cholún trí chomhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí*

    III. *Ollstruchtúr síochána agus slándála na Náisiún Aontaithe a neartú bunaithe ar chosc coinbhleachtaí agus ar chothú na síochána*

    IV. *Rathúnas agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn idir seo agus 2030 agus ina dhiaidh sin*

## I. Córas iltaobhach, éifeachtúil, éifeachtach agus cuimsitheach a chosaint agus a fhorbairt atá fréamhaithe go daingean i gCairt na Náisiún Aontaithe agus sa dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine

13. Leanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit de thacaíocht a thabhairt d’iltaobhachas éifeachtach agus don **ord idirnáisiúnta riailbhunaithe** agus na Náisiúin Aontaithe ina chroílár de, agus cuirfidh siad i gcoinne iarrachtaí an bonn a bhaint de. Déanfaimid **an dlí idirnáisiúnta** a chur chun cinn, a urramú agus a chosaint, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, rud atá ríthábhachtach chun an tsíocháin agus an tslándáil a chosaint, agus leanfaimid de bhéim a leagan ar an ngá le cuntasacht as sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta. Ní féidir na prionsabail uilíocha a chumhdaítear i gCairt na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear prionsabail an chomhionannais cheannasaigh agus na hiomláine críochaí, an neamhspleáchais pholaitiúil agus an fhéinchinntithe, a chur i mbaol, agus ba cheart iad a chur chun feidhme ar bhealach comhsheasmhach. Leanfaimid de rannchuidiú le forbairt an dlí idirnáisiúnta agus lena chur chun feidhme éifeachtach.

14. Athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas buanseasmhach d'urramú, cosaint agus caomhnú **uilíoch chearta an duine, an daonlathais agus an smachta reachta**. Is cearta uilíocha, dodhealaithe, idirspleácha agus idirghaolmhara iad cearta an duine, bídís sibhialta, cultúrtha, eacnamaíoch, polaitiúil nó sóisialta. Thairis sin, tá an tsíocháin agus an rathúnas, chomh maith le baint amach na spriocanna forbartha inbhuanaithe, fite fuaite leis an urraim don daonlathas, don smacht reachta, agus do chearta uile an duine. Bunóidh an tAontas a ghníomhaíochtaí agus a ionchur/sheasaimh ar **Chonclúidí 2026 ón gComhairle i ndáil le Tosaíochtaí an Aontais i bhfóraim na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine.** Meabhraítear don Aontas a sheasamh prionsabálta in aghaidh phionós an bháis i ngach cás agus i gcúinsí ar bith agus tacaíonn sé go láidir leis na rúin ábhartha ó na Náisiúin Aontaithe. Cuirfidh an tAontas an **clár oibre comhionannais** chun cinn agus leagfaidh sé béim ar a thábhachtaí atá an neamh-idirdhealú trí na fóraim iltaobhacha uile, lena n-áirítear ar son an chomhionannais inscne, ar son chearta uile an duine agus iad a bheith á lánteachtadh ag mná agus cailíní agus ar mhaithe lena gcumhachtú, agus go mbeadh rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach acu i ngach réimse, lena n-áirítear i bpoist cheannaireachta, i gcomhréir lena ghealltanais idirnáisiúnta. Athdhearbhóidh an tAontas a thiomantas láidir teachtadh iomlán agus cothrom chearta uile an duine ag daoine LGBTI a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh. Leanfaidh an tAontas de bheith ar an airdeall maidir le hiarrachtaí ar an bhfriotal a bhaineann leis an gcomhionannas inscne a bhaint, a athrú nó míthuiscint a bhaint aisti, maidir le cearta an duine a bheith á lánteachtadh ag mná agus cailíní agus maidir lena gcumhachtú, agus maidir le hidirdhealú bunaithe ar ghnéaschlaonadh agus ar fhéiniúlacht inscne. Leanfaidh an tAontas de chearta an linbh a chur chun cinn, agus tabharfaidh sé tús áite do chosaint leanaí ar gach cineál foréigin, lena n-áirítear foréigean sa timpeallacht dhigiteach, agus do chur chun cinn na rochtana uilíche ar oideachas ardcháilíochta cuimsitheach slán agus do laghdú na bochtaineachta agus an neamhionannais i measc leanaí. Leanfaidh sé freisin de bheith ag obair chun feabhas a chur ar chosaint agus theachtadh chearta daonna na ndaoine scothaosta agus chun feabhas a chur ar a bhfolláine. Tacaíonn an tAontas le cur chuige uaillmhianach claochlaitheach chun aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna agus tosca riosca an neamhionannais inscne, an idirdhealaithe agus gach cineáil foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean inscnebhunaithe a éascaítear leis an teicneolaíocht. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta an ciníochas, an t-idirdhealú ciníoch, an tseineafóibe agus an éadulaingt ghaolmhar a chomhrac ar fud an domhain.

15. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do chur chun cinn, do chosaint agus do chomhlíonadh chearta uile an duine, Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Oibre na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán, mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin, agus sa chomhthéacs sin, leanann an tAontas de bheith tiomanta do shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe. Agus beann aige ar an méid sin, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh an chirt atá ag gach duine smacht iomlán a bheith acu, agus cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach, ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ón idirdhealú, ón gcomhéigean agus ón bhforéigean. Leagann an tAontas béim ar a riachtanaí atá sé go mbeadh rochtain uilíoch ar fhaisnéis ardchaighdeáin, inacmhainne, chuimsitheach i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe, agus i leith an oideachais, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéis, agus seirbhísí cúraim sláinte.

16. Leanann an tAontas dá thacaíocht láidir do **chóras** láidir éifeachtach **na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine**, lena n-áirítear an obair chriticiúil agus na gníomhaíochtaí criticiúla a dhéanann Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine (OHCHR) agus na comhlachtaí conartha araon, chomh maith le UNESCO, i dtaca leis na saincheisteanna téamacha agus tírshonracha sainordaithe uile a mhéid a bhaineann le, *inter alia*, cosaint na saoirse chun tuairimí a nochtadh, lena -áirítear na meáin neamhspleácha, rochtain ar fhaisnéis, sábháilteacht iriseoirí agus oibrithe sna meáin. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá príomhshruthú córasach chearta an duine ar fud cholúin, chláir oibre agus struchtúir uile na Náisiún Aontaithe. Sa chomhthéacs sin, tacaíonn an tAontas leis an n**Grúpa um Chearta an Duine** de chuid an Ardrúnaí a bunaíodh le déanaí chun comhordú ar fud an chórais a chur chun cinn agus chun a áirithiú go ndéanfar cearta an duine a chomhtháthú go daingean i mbeartais agus i ngníomhaíochtaí uile na Náisiún Aontaithe.

17. Leanfaidh an tAontas d’aird ar leith a thabhairt ar chistiú leordhóthanach, intuartha, méadaithe agus inbhuanaithe **cholún chearta an duine**, á chur san áireamh dó go bhfuil sé tearcmhaoinithe cheana féin ó thaobh struchtúir de, agus go bhfuil tionchar ar leith ag an ngéarchéim leachtachta air. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé **córas láidir neamhspleách sainorduithe téamacha agus sainorduithe tírshonracha araon** a choinneáil. Is deis é an próiseas athchóirithe leanúnach chun fócas, éifeachtacht agus tionchar na sainorduithe maidir le cearta an duine agus na gcomhlachtaí conartha a neartú chomh maith le forluí eatarthu a laghdú.

18. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí deireadh a chur leis an tsaoirse ó phionós agus **an chuntasacht** a áirithiú i leith na sáruithe uile ar an dlí idirnáisiúnta. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn an tAontas go dtacaíonn sé leis an g**córas ceartais idirnáisiúnta**, go háirithe an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta (CBI), atá 80 bliain ar an bhfód in 2026, ag meabhrú dó go bhfuil orduithe agus breithiúnais CBI ceangailteach ar na páirtithe sa díospóid. Athdhearbhaíonn an tAontas freisin a thacaíocht bhuanseasmhach don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta. Mar fhreagairt ar na hionsaithe atá á ndéanamh ar an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta agus ar an mbrú seachtrach atá dírithe uirthi, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta seasamh le Reacht na Róimhe agus le neamhspleáchas agus sláine na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta a chaomhnú. Cáinfidh an tAontas i gcónaí ionsaithe nó bagairtí ar an gCúirt, ar oifigigh thofa, ar phearsanra agus orthu siúd a bhíonn ag comhoibriú leis an gCúirt, lena n-áirítear ionadaithe na sochaí sibhialta. Iarrfaidh an tAontas go dtarraingeofaí siar aon smachtbhannaí i gcoinne oifigigh thofa na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta.

19. Meabhraítear don Aontas go bhfuil sé lántiomanta tacaíocht a thabhairt do ról na Náisiún Aontaithe maidir le comhordú a dhéanamh ar an bhfreagairt **dhaonnúil** idirnáisiúnta ar éigeandálaí a bunaíodh faoi Rún 46/182 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe in 1991, agus don chumarphointe idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin. Leanfaidh an tAontas agus a Bhallstáit, arb iad **an deontóir daonnúil is mó** iad, a chuir 40 % den chabhair dhaonnúil dhomhanda ar fáil in 2025, de thiomantas láidir a léiriú do chobhsaíocht airgeadais na Náisiún Aontaithe agus do sheachadadh éifeachtúil, éifeachtach agus prionsabálta cabhrach daonnúla do na daoine is leochailí.

## II. Athchóirithe a chur chun cinn i dtreo Náisiúin Aontaithe a bheidh éifeachtach costéifeachtach, freagrúil i ngach ceann de na trí cholún trí chomhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí

20. Leanfaidh an tAontas dá theagmhálacha leis na comhpháirtithe chun **athchóirithe cuimsitheacha a chur chun cinn fud fad chóras iomlán na Náisiún Aontaithe**; cuirfidh sé feabhas ar an gcomhleanúnachas agus ar an gcomhlántacht idir na próisis ar fud chóras na Náisiún Aontaithe, faoi chuimsiú thionscnamh NA80 agus tionscnaimh eile, agus i gcomhréir leis na huaillmhianta arna gcomhaontú sa Chomhshocrú don Todhchaí. Is díol sásaimh don Aontas gur glacadh le Rún A/RES/80/251 maidir le Sainordú a chruthú, a chur chun feidhme agus athbhreithniú a dhéanamh air le haghaidh Náisiúin Aontaithe a bheidh éifeachtúil éifeachtach, agus tá sé tiomanta dá chur chun feidhme. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí do na hathchóirithe arna gcomhaontú cheana agus ar cheart iad a chur chun feidhme ina n-iomláine. Leis na hiarrachtaí sin táthar ag súil go mbeidh na Náisiúin Aontaithe níos prionsabálta, níos éifeachtaí, níos costéifeachtúla agus níos freagrúla, agus go mbeifear in ann na trí cholún idirnasctha, mar atá an tsíocháin agus an tslándáil, cearta an duine agus an fhorbairt inbhuanaithe, a bhaint amach go héifeachtúil. Dá bhrí sin, molfaidh an tAontas don chéad Ard-Rúnaí eile de chuid na Náisiún Aontaithe páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas athchóirithe a mhéid a bhaineann lena chothú agus lena chur chun cinn ar bhealach uaillmhianach uile-chórais ar fud na dtrí cholún. Tabharfaidh an tAontas tús áite do thionscnaimh a mbeidh tionchar nithiúil acu ar an láthair, agus cosnóidh siad acmhainneachtaí normatacha agus oibríochtúla chóras na Náisiún Aontaithe ag an am céanna, lena n-áirítear maidir leis an gcomhionannas inscne.

21. I gcomhréir lenár dtiomantas do chur chun feidhme an Chomhshocraithe don Todhchaí, tacaíonn an tAontas le h**athchóiriú cuimsitheach ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA)** chun í a dhéanamh níos éifeachtaí, níos cuimsithí, níos trédhearcaí, níos daonlathaí agus níos cuntasaí agus chun réaltachtaí an lae inniu a léiriú ar bhealach níos fearr trí ghuth na réigiún tearcionadaithe a neartú. Tacaíonn an tAontas le tionscnamh na Fraince-Mheicsiceo darb aidhm srian a chur le húsáid an chrosta i gcásanna ainghníomhartha ollmhóra, agus le Cód Iompair Ghrúpa ACT maidir le gníomhaíocht na Comhairle Slándála i gcoinne cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna, agus coireanna cogaidh ar mórscála. Ina theannta sin, tacaíonn an tAontas le hoibríochtú iomlán Airteagal 27.3 de Chairt na Náisiún Aontaithe.

22. Tacaíonn an tAontas leis an **Athshocrú Daonnúil**, atá le neartú trí bhíthin thionscnamh NA80 agus cheannaireacht na hOifige um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla, agus arb é is aidhm dó fís inbhuanaithe iomlánaíoch, chuimsitheach a fhorbairt agus a chur chun feidhme le haghaidh éiceachóras daonnúil faoi stiúir an phobail agus faoi chosaint idirnáisiúnta, éiceachóras a fhaigheann tacaíocht dhomhanda lena ndéantar luachanna uathúla, sainorduithe speisialaithe agus freagrachtaí eintitis na Náisiún Aontaithe, Ghluaiseacht Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg, agus eagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla agus idirnáisiúnta a ghiaráil.

23. Tacaíonn an tAontas leis an bpróiseas **athchóirithe do Chóras Forbartha na Náisiún Aontaithe** atá le treisiú trí thionscnamh NA80, tionscnamh darb aidhm soláthar seirbhísí níos éifeachtaí ar an leibhéal náisiúnta a bhaint amach. Molann an tAontas go ndéanfaí na struchtúir a chomhdhlúthú agus a chuíchóiriú a thuilleadh, agus sainorduithe ríthábhachtacha á gcoinneáil, go háirithe na sainorduithe siúd a bhaineann leis an gcomhionannas inscne agus cumhachtú na mban.

24. Is príomhghné den athchóiriú é **Córas na gComhordaitheoirí Cónaitheacha** láidir éifeachtach, athbheoite, lena rannchuidítear le comhar níos comhleanúnaí agus níos éifeachtaí idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe ar leibhéal na tíre. Ní mór do Bhallstáit na Náisiún Aontaithe tacaíocht fheabhsaithe pholaitiúil a thabhairt do na Comhordaitheoirí Cónaitheacha le gur féidir leo a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach. Mar gheall ar a choitianta atá socraíochtaí dhá nó trí phríomhchúram, is den ríthábhacht é go gcosnófaí neamhspleáchas, neodracht agus neamhchlaontacht na gComhordaitheoirí Daonnúla agus go dtacófaí le comhleanúnachas idir NA80, an tAthshocrú Daonnúil agus an t-athchóiriú ar Chóras Forbartha na Náisiún Aontaithe chun gur féidir éifeachtúlacht agus cur chun feidhme a bheith á dhéanamh ag na Náisiúin Aontaithe a áirithiú, go háirithe i suíomhanna coinbhleachta agus leochaileacha. Déanfaimid obair i dteannta a chéile i gcomhar leis na tíortha comhpháirtíochta agus le deontóirí eile chun a áirithiú go nglacfaidh gach duine lena mbaineann le cur chuige na Náisiún Aontaithe ar leibhéal na tíre.

25. Tá an tAontas meáite go fóill ar an **Ollstruchtúr Airgeadais Idirnáisiúnta** a neartú, lena n-áirítear i gcomhréir le Doiciméad Toraidh an Cheathrú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta (‘Compromiso de Sevilla’).

26. Tá sé ríthábhachtach freisin an chomhpháirtíocht leis na Náisiúin Aontaithe a neartú a thuilleadh chun **gníomhaíocht dhaonnúil phrionsabálta, riachtanaisbhunaithe agus dhuinelárnach a chaomhnú**. Tacaíonn an tAontas leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe i gComhshocrú Daonnúil Nua na Náisiún Aontaithe faoi UN80 agus molann sé do na Náisiúin Aontaithe gníomhú go pras agus é a chur chun feidhme. Leagaimid béim freisin ar a thábhachtaí atá an cumarphointe idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin. Is díol sásaimh dúinn freisin go bhfuil na Náisiúin Aontaithe meáite ar na slabhraí soláthair domhanda a chomhtháthú, agus is díol sásaimh dúinn freisin na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun gníomhaíocht chomhchoiteann maidir le sonraí a spreagadh tríd an *Humanitarian Data Collaborative* [Comhpháirtíocht um Shonraí Daonnúla].

27. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú go gníomhach le **sochaí shibhialta** atá éagsúil neamhspleách, agus lena rannpháirtíocht thábhachtach sna próisis iltaobhacha, agus déanfaidh sé í a chur chun cinn agus a chumhachtú. Iarrann an tAontas go neartófaí na hiarrachtaí ar fud chóras na Náisiún Aontaithe chun an spás sibhialta a urramú, a chosaint agus a chur chun cinn, chun an t-imeaglú agus bearta díoltais a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu, i gcoinne daoine aonair agus grúpaí atá ag comhoibriú leis na Náisiúin Aontaithe, chun cuntasacht a áirithiú, agus cosaint éifeachtach a thabhairt d’íospartaigh agus do mharthanóirí. Ní mór an rochtain atá acu ar na fóraim iltaobhacha a chosaint.

## III. Ollstruchtúr síochána agus slándála na Náisiún Aontaithe a neartú bunaithe ar chosc coinbhleachtaí agus ar chothú na síochána

28. I bhfianaise bagairtí méadaitheacha éagsúla ar an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta, sáruithe forleathana ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear gníomhartha foghacha agus sárú ar iomláine chríochach agus ar cheannasacht na Stát, tá an tAontas meáite ar **choinbhleachtaí a chosc agus síocháin** agus cobhsaíocht **chóir mharthanach a chosaint agus a athbhunú ar bhonn an dlí idirnáisiúnta**.

29. Cáineann an tAontas mórchogadh foghach neamhdhleathach gan údar na Rúise ar an Úcráin agus na hionsaithe ar an bpobal sibhialta agus ar bhonneagar criticiúil, mar a cháin riamh, agus aithníonn sé ceart bunúsach na hÚcráine chun féinchosanta i gcomhréir le hAirteagal 51 de Chairt na Náisiún Aontaithe. Tá an tAontas diongbháilte i gcónaí ina **thacaíocht** do cheannasacht, do neamhspleáchas agus d'iomláine chríochach **na hÚcráine** laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta, agus leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt don Úcráin a fhad is gá, lena n-áirítear sa tréimhse téarnaimh agus atógála, agus tá sé ag obair ag an am céanna chun cuntasacht iomlán a áirithiú as coireanna idirnáisiúnta agus as sáruithe agus mí-úsáidí i réimse chearta an duine a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise, lena n-áirítear tríd an mBinse Speisialta um Choir an Fhogha faoin Úcráin agus tríd an gCoimisiún Éileamh Idirnáisiúnta don Úcráin. I gcomhréir leis na rúin ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, tacaíonn an tAontas leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun sos cogaidh iomlán láithreach, neamhchoinníollach agus síocháin chuimsitheach chóir, mharthanach a bhaint amach i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe agus leis an dlí idirnáisiúnta, is díol sásaimh dó na hiarrachtaí leanúnacha taidhleoireachta chun deireadh a chur leis an gcogadh, agus leanann sé de thacaíocht a thabhairt don Úcráin sa chaibidlíocht agus sna hiarrachtaí chun a áirithiú go bhfillfear leanaí ón Úcráin a díbríodh go neamhdhleathach nó a aistríodh go héigeantach.

30. Is díol sásaimh don Aontas an Meabhrán Tuisceana agus an chaibidlíocht a rinneadh ina dhiaidh sin idir na Stáit Aontaithe agus an Iaráin, nó is deis é sin an chobhsaíocht réigiúnach a chothú. Leagaimid béim ar a thábhachtaí atá réiteach fadtéarmach caibidlithe ar na saincheisteanna uile atá fós gan réiteach, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Cairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí um chearta an duine. Leanfaidh an tAontas den teagmháil, i ndlúthchomhar le comhpháirtithe, sna hiarrachtaí taidhleoireachta agus tá sé faoi réir chun tacú leis an gcomhaontú a chur chun feidhme. Ní fhéadfaí a cheadú go deo don Iaráin arm núicléach a bheith ina seilbh agus ní mór di dul i mbun comhar iomlán an athuair leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach. Iarrann an tAontas go n-urramófaí an tsaoirse loingseoireachta agus an tslándáil mhuirí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige. Athdhearbhaíonn an tAontas gurb í an taidhleoireacht an t-aon bhealach amháin le síocháin agus cobhsaíocht mharthanach a bhaint amach sa Mheánoirthear.

31. Is díol mór imní i gcónaí é an staid in **Gaza agus ar an mBruach Thiar, lena n-áirítear Iarúsailéim Thoir**. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta don dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, do Rún 2803 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme agus do shíocháin chuimsitheach chóir mharthanach a bhunófar ar chur chun feidhme réiteach an dá stát, Iosrael agus an Phalaistín ag maireachtáil, taobh le taobh, faoi shíocháin, laistigh de theorainneacha slána aitheanta. Leanfaidh an tAontas den obair ar chur chun feidhme an Phlean Chuimsithigh chun deireadh a chur leis an gcoinbhleacht in Gaza i gcomhréir le Rún 2803 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus iarrann sé go ndéanfaí Hamas agus grúpaí armtha eile nach grúpaí stáit iad a dhí-armáil go buan, go dtarraingeofaí fórsaí Iosraelacha siar go hiomlán as Gaza agus go n-imscarfaí an Fórsa Cobhsaíochta Idirnáisiúnta i gcomhréir le Rún 2803 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Cáineann an tAontas na hionsaithe sceimhlitheoireachta i gcoinne Iosrael. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt d'Údarás na Palaistíne, lena n-áirítear lena chlár oibre don athchóiriú, ionas gur féidir leis dul i gceannas go héifeachtach in Gaza arís ar bhealach slán. Tathantaíonn an tAontas ar Iosrael cloí lena oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Iarrann an tAontas go ligfí cabhair dhaonnúil isteach in Gaza láithreach gan bhac, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Meabhraítear dó gur gá na horduithe ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta, atá ceangailteach ó thaobh dlí, a chur chun feidhme ina n-iomláine, agus tugann sé dá aire na tuairimí comhairleacha uaithi. Cuireann an tAontas in iúl gur cúis imní dó gur fhormheas Parlaimint Iosrael an Bille um Pionós Báis, gur bille idirdhealaitheach *de facto* é, agus iarrann sé go n-aisghairtear láithreach bonn é agus iarrann sé go gcuirfí deireadh le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'inmharthanacht réiteach an dá stát, lena n-áirítear leathnú na lonnaíochtaí, foréigean na lonnaitheoirí agus bagairtí easáitithe éigeantais agus ionghabhála. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá ról UNRWA sa fhreagairt dhaonnúil agus ar a thábhachtaí atá sé go mbeidh Iosrael rannpháirteach go cuiditheach leis na Náisiún Aontaithe agus leis na gníomhaireachtaí lena ngabhann.

32. Leanfaidh an tAontas d'aird a thabhairt **ar choinbhleachtaí agus ar sháruithe agus mí-úsáidí i réimse chearta an duine ar fud an domhain**, agus béim á leagan aige ar a thábhachtaí atá sé coinbhleachtaí a réiteach go síochánta, sibhialtaigh a chosaint, go háirithe mná, leanaí, daoine faoi mhíchumas, agus daoine atá i staid leochaileach; leagan sé béim freisin ar nithe nach féidir leis an bpobal sibhialtach maireachtáil dá n-éagmais, urraim don dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, cuntasacht, agus an spás daonnúil a chaomhnú. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do chosc coinbhleachtaí, do chothú na síochána, don chobhsaíocht, do chothú stáit, d'aistrithe daonlathacha agus d'iarrachtaí daonnúla, chomh maith le tionscnaimh idirnáisiúnta agus réigiúnacha atá faoi stiúir na Náisiún Aontaithe agus atá dírithe ar an tsíocháin, ar an tslándáil agus ar an bhforbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Leanfar d'aird ar leith a thabhairt ar chásanna lena n-áirítear an Liobáin, an tSúdáin, an tSomáil, an tSiria, an Libia, an tSaiheil, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, Háítí, an Afganastáin agus Maenmar.

33. Leanfaidh an tAontas de bheith lánpháirteach chun aghaidh a thabhairt ar shíocháin dhomhanda agus ar dhúshláin slándála, agus béim á leagan ar choinbhleachtaí a chosc, ar idirghabháil, ar chothú na síochána, ar an mbainistiú géarchéime, agus ar thacaíocht don iltaobhachas i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe, agus leanfaidh sé de bheith ag obair leis na Náisiúin Aontaithe chun na críche sin, de réir na **Comhpháirtíochta Straitéisí idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe maidir leis an tSíocháin agus an tSlándáil agus a tosaíochtaí comhpháirteacha do 2025-2028** agus de réir Choiste Straitéiseach an Aontais agus na Náisiún Aontaithe arna bhunú le déanaí.

34. Meabhraítear dúinn freagrachtaí **Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, ar cheart dóibh a bheith ina gcroílár den ollstruchtúr domhanda síochána slándála.** Agus obair Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe á moladh againn a mhéid a bhaineann leis an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta, leagaimid béim ar a thábhachtaí atá sé ról agus rannchuidiú Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe a neartú mar fhóram don chosc, don slógadh polaitiúil agus don socrú norm sa réimse sin, lena n-áirítear trí idirghníomhaíocht níos rialta agus níos struchtúrtha leis an gComhairle Slándála agus leis an gCoimisiún um Chothú na Síochána.

35. Is uirlis iltaobhach ríthábhachtach iad **Oibríochtaí Síochána** na Náisiún Aontaithe go fóill chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí ar an tsíocháin agus ar an tslándáil idirnáisiúnta. I gcomhthéacs an athbhreithnithe a rinne Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe ar thodhchaí gach cineál oibríochta síochána de chuid na Náisiún Aontaithe, iarrann an tAontas go ndéanfaí gníomhaíocht chun iarrachtaí síochánaíochta agus cothaithe síochána a chothú, beatha daoine a chosaint agus folúis slándála a sheachaint sna limistéir atá buailte, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht níos láidre agus ar bhonn prionsabail le hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe trí dhea-mhéin Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, d'fhonn sainorduithe atá réalaíoch agus oiriúnaithe do dhálaí ar an láthair a áirithiú. Cáineann an tAontas go láidir na hionsaithe ar choimeádaithe síochána agus ar shaoráidí Oibríochtaí Síochána na Náisiún Aontaithe. Ní mór sábháilteacht agus slándáil choimeádaithe síochána na Náisiún Aontaithe a ráthú agus ní mór iad siúd a dhéanann ionsaithe ar choimeádaithe síochána a thabhairt chun cuntais.

36. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir a ríthábhachtaí atá sé go bhfaigheadh **oibríochtaí síochánaíochta na Náisiún Aontaithe** tacaíocht pholaitiúil leanúnach agus cistiú leordhóthanach, inbhuanaithe agus intuartha, lena n-áirítear trí ranníocaíochtaí airgeadais a íoc go hiomlán agus go tráthúil, agus trí rannpháirtíocht réigiúnach fheabhsaithe. I ndáil leis an méid sin, athdhearbhaíonn an tAontas go dtacaíonn sé le Rún 2719 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme. Tacaíonn an tAontas leis na misin arna sainordú ag Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus tá sé tiomanta do chomhar éifeachtach idir oibríochtaí an Aontais agus oibríochtaí na Náisiún Aontaithe chun iarrachtaí síochána a chur chun cinn, comhlíonadh iomlán chearta an duine a áirithiú, agus sineirgí a ghiniúint. Den mheon sin, ba cheart do gach stát a n-oibleagáidí airgeadais go léir a chomhlíonadh go cuí.

37. Tá an tAontas meáite ar obair a dhéanamh i gcomhar leis na Náisiúin Aontaithe **chun an tsíocháin a chothú**, lena n-áirítear tríd an Idirphlé Straitéiseach idir an tAontas agus na Náisiúin Aontaithe maidir le Coinbhleachtaí a Chosc agus Idirghabháil síochána agus trí rannpháirtíocht ghníomhach i gcur chun feidhme thorthaí dhá rún PBAR 2025. Tacaíonn sé leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun cur chuige ón mbun aníos atá faoi stiúir náisiúnta a fhorbairt maidir le **coinbhleachtaí a chosc**, mar a léirítear sna straitéisí náisiúnta coisctheacha. Tacaíonn sé le ról agus modhanna oibre Choimisiún na Náisiún Aontaithe **um Chothú na Síochána** a neartú, lena n-áirítear an ról comhairleach, comórtha agus idirlinne atá aige ar fud chóras na Náisiún Aontaithe, agus le cur chun feidhme a Straitéise Inscne agus a Phlean Gníomhaíochta Straitéisigh maidir leis an Óige agus Cothú na Síochána, chomh maith le cistiú leordhóthanach, intuartha agus inbhuanaithe **Chiste na Náisiún Aontaithe um Chothú na Síochána**. Aithníonn an tAontas a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí athchóiriú agus rialú éifeachtach cuntasach, cuimsitheach ar an earnáil slándála. Athdhearbhaíonn an tAontas gur ábhartha ná riamh é cur chun feidhme iomlán ghealltanais an **Chláir Oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil**, agus maidir le Foréigean Gnéasach a bhaineann le Coinbhleacht i bhfianaise an chomhthéacs gheopholaitiúil atá ann faoi láthair agus timpeallacht slándála atá ag athrú. Iarrann sí an athuair go neartófaí rannpháirtíocht agus ceannaireacht iomlán chomhionann, fhóinteach na mban agus na gcailíní a mhéid a bhaineann le coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach le linn thimthriall na coinbhleachta.

38. Déanfaidh an tAontas obair i gcomhar leis na Náisiúin Aontaithe chun na rioscaí slándála aeráide a ionchorprú sna beartais agus sna gníomhaíochtaí ábhartha agus tugann sé le fios gur gá aghaidh a thabhairt ar na **hidirnaisc** idir an **aeráid, an tsíocháin agus an tslándáil**. Cuirfidh sé chun cinn freisin cur chun feidhme **an chláir oibre don Óige, don tSíocháin agus don tSlándáil** agus an **chláir oibre do Leanaí agus Coinbhleacht Armtha.**

39. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí an spás **daonnúil** a chosaint, rochtain dhaonnúil shábháilte chomhsheasmhach thapa gan bhac ar dhaoine atá i ngátar a chumasú agus a éascú, lena n-áirítear trí thaidhleoireacht dhaonnúil níos éifeachtaí agus trí chosaint pearsanra dhaonnúil a ráthú. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur gá cloí leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta i ngach coinbhleacht agus gur gá a áirithiú go gcosnaítear sibhialtaigh. Déanfaidh an tAontas éifeachtacht a thaidhleoireachta daonnúla a neartú a thuilleadh, trí ionstraimí daonnúla, polaitiúla, eacnamaíocha, slándála nó taidhleoireachta a úsáid, agus é fós tiomanta do phrionsabail dhaonnúla na neamhchlaontachta, na neodrachta, an neamhspleáchais agus na daonnachta a chaomhnú, chomh maith leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. Is díol sásaimh don Aontas an Tionscnamh Domhanda ó Choiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge chun dlús a chur leis an Tiomantas Polaitiúil don Dlí Daonnúil Idirnáisiúnta agus molann sé do na Ballstáit go léir páirt a ghlacadh sa Tionscnamh agus a bheith rannpháirteach go gníomhach ann d'fhonn tacaíocht leathan pholaitiúil a fháil dá chuspóirí.

40. Athdhearbhaíonn an tAontas a thiomantas buanseasmhach don dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear dlí na farraige agus **an tsaoirse loingseoireachta**, agus tacaíonn sé leo trí bhíthin ionstraimí éagsúla lena neartaítear an tslándáil mhuirí, cuir i gcás a mhisin agus a oibríochtaí CBSC, lena n-áirítear **Oibríochtaí ASPIDES, ATALANTA agus IRINI**. Is é Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige bunchloch an dlíchórais lena rialaítear na haigéin agus na farraigí.

41. I bhfianaise bagairtí slándála leathnaithe, tacaíonn an tAontas leis an gcomhar idirnáisiúnta chun dul i ngleic go héifeachtach le gach cineál **coireachta eagraithe trasnáisiúnta**, lena n-áirítear an gháinneáil ar dhrugaí, an t-éilliú, an gháinneáil ar dhaoine, smuigleáil imirceach agus an gháinneáil aindleathach ar airm thine, coireanna a dhéanann difear don chomhshaol, chomh maith leis an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach, agus cearta íospartach á gcur i gcroílár an chomhair sin.

42. Mar fhreagairt ar éagsúlacht mhéadaitheach na mbagairtí slándála, oibreoidh an tAontas chun bagairtí eile a thagann as **gníomhaíochtaí hibrideacha, cibirionsaithe, teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn** a chomhrac, i measc na hoibre sin áireofar comhar leis na Náisiúin Aontaithe i réimsí, cuir i gcás, athléimneacht i gcoinne na bréagaisnéise a neartú agus urraim don smacht reachta agus don dlí idirnáisiúnta a chur chun cinn, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine. **Is leas poiblí domhanda í an tsláine faisnéise**, ar cheart í a chosaint. Chun í a chosaint trí rialachas digiteach domhanda ilpháirtithe cuimsitheach, rialachas a chuireann chun cinn an tsaoirse tuairimí a nochtadh agus an ceart chun rochtain a fháil ar fhaisnéis ábhartha, iontaofa agus chruinn, tá gá le freagairt dhomhanda, lena n-áirítear iarrachtaí chun ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a chomhrac. Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach ar bhealach cuiditheach, oscailte agus cuimsitheach laistigh de chreataí iltaobhacha, lena n-áirítear Sásra Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Slándáil TFC, chun iompar freagrach na stát sa chibearspás a chur chun cinn agus chun an tslándáil idirnáisiúnta a fheabhsú.

43. Tá an tAontas lántiomanta i gcónaí don ollstruchtúr domhanda maidir le neamhleathadh, dí-armáil agus rialú arm a chosaint agus a neartú, agus na Náisiúin Aontaithe i gcroílár an struchtúir sin. Dá bhrí sin, leanfaidh sé den chomhar leis na Náisiúin Aontaithe a neartú chun tionchar diúltach na n-arm agus an armlóin ar an duine a laghdú. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí d'uiliú agus cur chun feidhme iomlán an Chonartha maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach mar bhunchloch den ollstruchtúr domhanda maidir le neamhleathadh, arb é an bunús bunriachtanach chun dí-armáil núicléach a shaothrú agus ar gné thábhachtach é i bhforbairt feidhmeanna fuinnimh núicléach chun críoch síochánta. Leanfaidh sé de bheith ag iarraidh go gcuirfí i bhfeidhm an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBT), agus tús a chur láithreach leis an gcaibidlíocht agus í a thabhairt i gcrích maidir leis an gConradh um ábhar inscoilte a thoirmeasc (FMCT). Tacaíonn an tAontas le hobair na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (GIFA), atá ina colún tacaíochta ríthábhachtach d'iarrachtaí domhanda maidir le neamhleathadh fós. Tabharfaidh an tAontas **freagairt ar bhagairtí leanúnacha maidir le leathadh** arm ollscriosta agus na modhanna a seachadtar iad, agus is cúis imní dó i gcónaí na harmlanna méadaitheacha d'airm agus na córais seachadta núicléacha, go háirithe sa Rúis agus sa tSín, an fhorbairt ar chóras nua arm, agus bagairtí núicléacha na Rúise. Leanfaidh an tAontas freisin d'ionstraimí iltaobhacha i gcoinne forbairt, táirgeadh, fáil, stoc-charnadh, aistriú nó úsáid arm ceimiceach agus bitheolaíoch a chur chun cinn agus a neartú a thuilleadh.

44. Tacaíonn an tAontas le trédhearcacht, bearta forbartha muiníne agus rialuithe éifeachtacha ar mhaithe le haistrithe aindleathacha agus carnadh díchobhsaitheach gnáth-arm a chomhrac, agus béim á leagan ar atreorú Mionarm agus Armán Éadrom a chosc, agus tacaíonn sé le cur chun feidhme phleananna gníomhaíochta an Choinbhinsiúin maidir le Cnuasmhuinisin agus an Choinbhinsiúin maidir le Toirmeasc ar Mhianaigh Fhrithphearsanra ag na Stáit is Páirtithe. Molann an tAontas innealra dí-armála na Náisiún Aontaithe a nuachóiriú agus a neartú chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí atá á ndéanamh faoi láthair, agus i measc moltaí tá athbheochan a dhéanamh ar Choimisiún Dí-armála na Náisiún Aontaithe agus an Chomhdháil ar Dhí-armáil. Roimh Chomhdháil Athbhreithnithe an Choinbhinsiúin maidir le Gnáth-Airm Áirithe (CCW) i mí na Samhna 2026, leanfaidh an tAontas de bheith ag obair i dtreo na caibidlíochta ar ionstraim maidir le córais arm uathrialaitheach marfach, gan dochar dá cineál, agus ar bhearta eile a d’fhéadfadh a bheith ann faoi chuimsiú CCW. Tabharfaidh an tAontas aghaidh freisin ar an intleacht shaorga a úsáid ar bhonn freagrach agus cuirfidh sé bearta forbartha muiníne chun cinn maidir le húsáid na hintleachta saorga sa réimse míleata.

45. Tá an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta do thimpeallacht atá sábháilte, slán, cobhsaí agus inbhuanaithe a chaomhnú. Tacaíonn an tAontas agus a Bhallstáit le huiliú agus comhlíonadh iomlán Chonradh Cianspáis 1967, agus molann siad úsáid shíochánta an **chianspáis** ar bhonn cothrom a bheadh inghlactha go frithpháirteach do chách, don ghlúin seo agus do na glúine atá le teacht. Tá an tAontas agus a Bhallstáit tiomanta i gcónaí do chosc a chur ar gach gné d’armrás sa chianspás (PAROS). Tacaíonn an tAontas leis an gceathrú Comhdháil de na Náisiúin Aontaithe maidir le Taiscéalaíocht agus Úsáidí Síochánta an Chianspáis (UNISPACE IV) a thionól i Vín in 2027.

## IV. Rathúnas agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn i dtreo 2030 agus ina dhiaidh sin

46. Tacaíonn an tAontas agus a Bhallstáit go hiomlán leis an ngníomhaíocht a bhfuil dlús curtha léi chun **Clár Oibre 2030** agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SFInna) ina n-iomláine **a bhaint amach** i dtreo 2030 agus ina dhiaidh sin ar bhealach cuimsitheach agus i gcomhréir leis an gComhshocrú don Todhchaí. Chun aghaidh a thabhairt ar bhearna mhaoinithe SFI, tá sé ríthábhachtach i gcónaí Gealltanas Sevilla 2025 a glacadh ag an gCeathrú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta i mí an Mheithimh 2025 a chur chun feidhme, Gealltanas a chuireann le Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa 2015. Aithníonn an tAontas cineál uilíoch, comhtháite agus doroinnte SFInna, chomh maith lena thábhachtaí atá logánú a dhéanamh ar SFInna. Aithníonn an tAontas a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí agus neamhionannais ilghnéitheacha, agus tá sé réidh a mheas a dhéanamh, mar chomhlánú ar na beartais agus na cleachtais atá ann cheana, ar bhearta comhlántacha dul chun cinn a úsáid a mbeadh raon feidhme níos leithne acu ná an olltáirgeacht intíre. Leanfaidh an tAontas de chur chuige atá bunaithe ar chearta an duine a chur i bhfeidhm maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe lena n-áirítear trí chur chuige claochlaitheach lena dtéitear i ngleic le bunchúiseanna na bochtaineachta agus an neamhionannais agus athdhearbhaíonn sé gur bunphrionsabal de Chlár Oibre 2030 iad neamh-idirdhealú, cuimsitheacht chearta uile an duine agus iad a bhaint amach ina n-iomláine i gcomhréir leis an ngealltanas nach bhfágfar aon duine ar lár. Leanfaidh an tAontas de chur chuige maoiniúcháin atá inscne-fhreagrúil agus cuimsitheach a chur chun cinn. Mar chuid dá chomhoibriú, leagann an tAontas béim ar shamhlacha cuimsitheacha forbartha lena gcumhachtaítear pobail áitiúla agus lena n-áirithítear go ndáilfear go cothrom na tairbhí a thagann ón bhfás. Cuirfidh an tAontas chun cinn an insint ina leagtar béim ar na naisc idir iarrachtaí daonnúla, síochána agus forbartha chomh maith le cearta an duine agus ba cheart dó cur i gcoinne cineálacha cur chuige neamh-chomhtháite i leith na forbartha.

47. Agus é ar an soláthraí is mó ar domhan de **Chúnamh Oifigiúil Forbraíochta (COF)** ag a raibh sciar domhanda méadaithe de bheagnach 50 % de ODA iomlán in 2025, leagann an tAontas agus a Bhallstáit béim ar an ról lárnach atá acu maidir le rannchuidiú le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 a mhaoiniú.

48. Iarrann an tAontas agus a Bhallstáit go bhforbrófaí sásraí nuálacha chun cabhrú leis an mbearna infheistíochta dhomhanda a dhúnadh agus maoiniú Chlár Oibre 2030 a chur chun cinn. Áirítear air sin comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí agus dlúthchomhar leis an earnáil phríobháideach chun tacú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, i gcomhréir le cuspóir Global Gateway infheistíocht ón earnáil phríobháideach a spreagadh agus comhpháirtíochtaí comhthairbheacha a chothú, eadhon le hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais agus Bainc Forbartha Iltaobhacha. Trí thionscnaimh, mar shampla **Global Gateway**, rannchuidíonn an tAontas le borradh a chur faoin bhforbairt inbhuanaithe; Cuireann Global Gateway ar chumas an Aontais freisin freagairt ar bhealach níos comhleanúnaí ar dhúshláin dhomhanda trí infheistíochtaí claochlaitheacha a dhéanamh i mbonneagar inbhuanaithe, athléimneach agus ardcháilíochta, arna gcur chun feidhme i gcur chuige Fhoireann na hEorpa agus i gcomhréir le leasanna frithpháirteacha an Aontais agus na dtíortha comhpháirtíochta. Is é is aidhm do Global Gateway naisc chliste, ghlana agus shlána a fhorbairt sna hearnálacha digiteacha, aeráide agus fuinnimh, agus iompair, agus córais sláinte, oideachais agus taighde a neartú ar fud an domhain trí chur chuige cuimsitheach 360 bunaithe ar thosaíochtaí comhroinnte. Ba cheart na hiarrachtaí chun infheistíocht phríobháideach a shlógadh a bheith ailínithe i gcónaí le tosaíochtaí forbartha inbhuanaithe arna sainaithint ar bhonn náisiúnta agus rannchuidiú le neamhionannais a laghdú agus comhtháthú sóisialta a neartú.

49. Tá an tAontas tiomanta do rannchuidiú le Clár Oibre Antigua agus Barbúda do SIDS (ABAS) a chur chun feidhme go hiomlán, go tráthúil agus go héifeachtach chomh maith le Clár Gníomhaíochta Awaza do Thíortha Talamhiata i mBéal Forbartha trí chomhpháirtíochtaí neartaithe agus iarrann sé go ndéanfaí cur chun feidhme Chlár ABAS/Awaza a chomhtháthú i bpleananna straitéiseacha agus oibre eintitis éagsúla na Náisiún Aontaithe, i gcomhréir lena sainorduithe. Glacfaidh an tAontas páirt ghníomhach sa phróiseas athbhreithnithe meántéarma ar Chlár Gníomhaíochta Doha do na Tíortha is Lú Forbairt do na Deich mBliana 2022-2031.

50. Tá an tAontas an-tiomanta do **chlaochlú digiteach** uilíoch, inrochtana, cuimsitheach agus fóinteach a chur chun cinn **ar fud an domhain**, agus é lárnach i gcur chuige atá dírithe ar an duine agus atá bunaithe ar chearta an duine agus áiritheoidh sé go gcuirfear Comhshocrú Digiteach Domhanda na Náisiún Aontaithe agus an doiciméad toraidh ar Athbhreithniú a rinneadh ar an gCruinniú Mullaigh Domhanda faoin tSochaí Faisnéise +20 araon chun feidhme go tráthúil agus go huaillmhianach, agus é ag obair chun na deighiltí digiteacha a dhúnadh trí chóras iltaobhach éifeachtach a chur chun feidhme. Tacaímid go láidir leis an bPainéal Eolaíoch Idirnáisiúnta Neamhspleách maidir leis an Intleacht Shaorga (IS) agus leis an Idirphlé Domhanda maidir le rialachas IS toisc go mbeidh siad in ann plé domhanda leathan a éascú amach anseo ar an intleacht shaorga agus ar rialachas IS i measc na n-ilpháirtithe leasmhara. Tá sé ríthábhachtach neamhspleáchas an Phainéil agus cineál ilpháitithe leasmhara an Idirphlé Dhomhanda ar an rialachas IS a ráthú chun a áirithiú go mbeidh an tionchar is mó is féidir aige.

51. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí **slándáil dhomhanda an tsoláthair bia agus an chothaithe** a **chur chun cinn** trí chórais bhia inbhuanaithe athléimneacha lena n-áirithítear bia cothaitheach atá inacmhainne do chách. Tá dúshláin shuntasacha roimh an gcóras bia domhanda, lena n-áirítear coinbhleacht, an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta, agus díghrádú an chomhshaoil. Cuireann an tAontas straitéis ilearnála agus ilpháirtithe leasmhara chun cinn lena ngabhann cur chuige comhtháite comhleanúnach bunaithe ar chomhar láidir le comhpháirtithe, trádáil oscailte, intuartha, thrédhearcach agus chóir, i gcomhréir le rialacha EDT agus le cur chuige maidir leis an nasc idir an daonnúlacht, an fhorbairt agus an tsíocháin ó thaobh an choisc agus na freagartha de. Athdhearbhaíonn an tAontas agus na Ballstáit go dtacaíonn siad go láidir le hobair Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) maidir le comhar réigiúnach, forbairt inbhuanaithe agus comhtháthú eacnamaíoch riailbhunaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear trína ionstraimí dlí agus a chaighdeáin dlí.

52. Tá an tAontas fós ina chomhpháirtí iontaofa intuartha tiomanta don t**sláinte dhomhanda**, agus é ag obair le gníomhaithe eile ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus iltaobhach chun athléimneacht sláinte chomhchoiteann a neartú agus cumhdach sláinte uilíoch a chur chun cinn chun rochtain chothrom ar sheirbhísí riachtanacha sláinte a áirithiú. Bunaithe ar an taithí atá aige ar chórais sláinte a neartú agus ar ghéarchéimeanna a chomhordú, tacaíonn an tAontas leis an aistriú chuig ceannasacht sláinte ag a bhfuil úinéireacht tíre níos láidre, acmhainneachtaí coisc, ullmhachta agus freagartha níos láidre, agus líonraí sláinte réigiúnacha agus domhanda níos nasctha agus níos comhordaithe, agus EDS ina chroílár, agus dúbailt agus ilroinnt á seachaint. Tacaíonn an tAontas leis an bpróiseas maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar an ollstruchtúr domhanda sláinte, próiseas arna dhéanamh ag EDS agus, ag an am céanna, leanfaidh sé de bheith ag obair chun bailchríoch a chur ar an gcaibidlíocht maidir le hIarscríbhinn PABS faoin gcéad CDS eile, rud a fhágfaidh, dá réir sin, go mbeifear in ann tús a chur leis an gComhaontú Paindéime a shíniú agus a dhaingniú.

53. Maidir leis an bh**forbairt shóisialta**, agus deireadh a chur leis an mbochtaineacht, tá an tAontas tiomanta do Dhearbhú Doha a glacadh ag an gCruinniú Mullaigh Domhanda Sóisialta i mí na Samhna 2025 a chur chun feidhme. Is féidir leis an Dearbhú Polaitiúil seo, a bhfuil Gealltanas Sevilla mar bhonn taca leis, a bheith mar bhonn le conradh sóisialta domhanda athnuaite, a bheidh bunaithe ar dhlúthpháirtíocht, comhar idirnáisiúnta, cearta an duine agus cearta lucht saothair. Tacaíonn an tAontas leis an gComhghuaillíocht Dhomhanda um Cheartas Sóisialta chun obair leantach éifeachtach a áirithiú, agus dul i dteagmháil leis na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta ar mhaithe lena ceithre cholún a chur i gcrích. Athdhearbhaíonn an tAontas a thábhachtaí atá beartais shóisialta chuimsitheacha, córais uilíocha cosanta sóisialta agus infheistíocht sa chomhtháthú sóisialta ó thaobh an fhorbairt inbhuanaithe, díothú na bochtaineachta agus laghdú an neamhionannais a spreagadh. I ndáil leis an méid sin, tacaíonn an tAontas le hinfheistíocht neartaithe i gcosaint shóisialta agus seirbhísí sóisialta, lena n-áirítear iarrachtaí chun spriocanna forbartha sóisialta a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta a bhaint amach de réir a chéile.

54. Is bagairt dhomhanda don chine daonna í **géarchéim thriarach phláinéadach an athraithe aeráide**, cailliúint na bithéagsúlachta agus an truaillithe, rud a éilíonn gníomhaíocht dhomhanda. Seasann an tAontas go daingean lena thiomantas do na comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha, lena n-áirítear Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, Comhaontú Pháras, an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht, Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal, SFInna agus Clár Oibre 2030 agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an Gaineamhlú a Chomhrac, agus iarrann sé ar na comhpháirtithe uile déanamh amhlaidh. Sa mhéid sin, leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do na páirtithe leasmhara neamhrialtasacha ábhartha ar fad, mar shampla, pobail áitiúla, mná, pobail dhúchasacha agus cosantóirí chearta an duine a mhéid a bhaineann leis an gcomhshaol, agus leanfaidh sé de bheith ag comhoibriú leo.

55. Athdhearbhaíonn an tAontas a thábhachtaí atá sé comhthuiscint a bheith ann gur bagairtí eiseacha iad **an t-athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil**, lena n-áirítear truailliú agus cailliúint na bithéagsúlachta, agus cuireann siad leis an imní slándála atá ann trí éagobhsaíocht agus coinbhleachtaí méadaithe a bheith mar thoradh orthu, lena spreagtar coireacht eagraithe lena n-áirítear coireanna a bhfuil tionchar acu ar an gcomhshaol, agus ar an tsláinte phoiblí, an tslándáil bia agus uisce go háirithe i gcás na ndaoine is leochailí. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí aghaidh a thabhairt ar an nasc idir an tslándáil agus an comhshaol, an aeráid, an t-uisce agus an nasc idir an t-aigéan, an bhithéagsúlacht agus an aeráid. Glacfaidh an tAontas páirt ghníomhach sa phlé maidir leis an gceart daonna a chur chun cinn go mbeadh ag an uile dhuine comhshaol atá glan, sláintiúil agus inbhuanaithe. I gcomhréir le Rún 43/53 ón gComhthionól Ginearálta maidir leis an Aeráid Dhomhanda a chosaint do Ghlúine an Chine Dhaonna atá ann anois agus a bheidh ann amach anseo, leagann an tAontas an-tábhacht ar an gcéad Dearbhú ón gComhthionól Ginearálta maidir le hArdú ar Leibhéal na Farraige.

56. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé gníomhú domhanda ar son na haeráide a chur chun cinn trí **Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) agus Comhaontú Pháras a chur chun feidhme go héifeachtach, agus é mar aidhm aige go mbeifear in ann an t-ardú teochta a theorannú go 1.5 céim.** I ndáil leis sin, tugann an tAontas dá aire agus is cúis imní dó nár thíolaic go leor Páirtithe i gComhaontú Pháras rannchuidiú nua arna chinneadh go náisiúnta (RCN) go fóill agus molann sé dóibh é sin a dhéanamh mar ábhar práinne. Ba cheart don phróiseas iltaobhach aeráide tuairimí agus leasanna na bPáirtithe agus na bpáirtithe leasmhara uile a léiriú, lena n-áirítear na glúine atá le teacht agus na páirtithe is leochailí i leith éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide. Tá sláine eolaíoch, trédhearcacht agus sonraí agus faisnéis iontaofa riachtanach chun bonn eolais a chur faoi ghníomhú inchreidte agus éifeachtach ar son na haeráide agus ullmhacht ina leith, agus ba cheart aon pholaitiú ar eolaíocht aeráide a sheachaint. Tá an tAontas tiomanta an uaillmhian a comhaontaíodh, mar a cuireadh in iúl sa chéad toradh den athbhreithniú domhanda í, a bhaint amach. Cuirfidh an tAontas chun cinn go háirithe cur chun feidhme na spriocanna domhanda maidir le dífhoraoisiú agus díghrádú foraoisí a stopadh agus a aisiompú faoi 2030, fuinneamh in-athnuaite a mhéadú faoi thrí agus feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh a dhúbailt faoi 2030, dlús a chur le teicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha agus ísle chomh maith le haistriú ó bhreoslaí iontaise a úsáidtear i gcórais fuinnimh chun go mbainfí glan-nialasacht amach faoi 2050. Tacaíonn an tAontas le forbairt treochlár inchreidte cuimsitheach maidir le foraoisí agus leis an aistriú ó bhreoslaí iontaise i gcórais fuinnimh faoi COP 31. Sa chomhthéacs sin, leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá an t-aistriú glan lena n-áirítear an tionchar atá aige maidir le neamhchosaint ar shuaití sa mhargadh fuinnimh a laghdú.

57. Tá **an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta, agus an truailliú** chomh maith le díghrádú talún, uisce agus aigéin idirnasctha. Tá an tAontas tiomanta d'aghaidh a thabhairt orthu i gcomhréir leis na SFInna agus le cur chuige na hAon Sláinte Amháin. Tacaíonn an tAontas leis an gCreat Domhanda maidir le Ceimiceáin agus oibreoidh sé chun nach mbeidh aon mhoill ann an chaibidlíocht a thabhairt i gcrích maidir le h**ionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí chun deireadh a chur le truailliú plaisteach, lena gcumhdaítear saolré iomlán na bplaisteach.** Bliain ó glacadh Plean Gníomhaíochta Nice maidir leis na hAigéin, leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé **rialachas** idirnáisiúnta **na n-aigéan** a neartú, agus go spreagfaí daingniú agus cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe maidir le Caomhnú agus Úsáid Inbhuanaithe na Bithéagsúlachta Muirí i Limistéir lasmuigh den Dlínse Náisiúnta (BBNJ) faoi UNCLOS.

58. Tá sé ríthábhachtach don fhorbairt inbhuanaithe go mbainfí amach **athléimneacht uisce** agus go mbeadh an timthriall uisce domhanda cobhsaí, má táthar chun cearta an duine a bhaint amach agus ar mhaithe leis an tsíocháin agus an tslándáil. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil cearta an duine i ndáil le huisce óil sábháilte agus an tsláintíocht bunriachtanach do dhínit an duine, an tsláinte, an fhorbairt inbhuanaithe agus do chomhlíonadh chearta uile an duine. Leanfaidh an tAontas de bheith ag áirithiú go dtabharfar aghaidh go cuí ar uisce, sláintíocht agus sláinteachas agus príomhphróisis iltaobhacha agus comhaontuithe ábhartha ar bun. Molann an tAontas go ndéanfaí obair leantach uaillmhianach ar Chomhdháil Uisce 2023 na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear cur chun feidhme an Chláir Oibre Gníomhaíochta maidir le hUisce agus Straitéis na Náisiún Aontaithe maidir le hUisce agus Sláintíocht agus leagann sé béim ar a thábhachtaí atá Toscaire Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le hUisce chun dlús a chur leis an dul chun cinn orthu sin. Is díol sásaimh don Aontas freisin an tionscnamh dar teideal *Water Forward* agus oibríonn sé chun go mbeidh Comhdháil Uisce na Náisiún Aontaithe dírithe ar ghníomhaíocht, cuimsitheach agus trasearnálach in 2026 agus 2028 agus ina dhiaidh sin. Iarrann an tAontas go bhfeabhsófaí laistigh de na Náisiúin Aontaithe an rialachas uisce agus an próiseas rialta idir-rialtasach a dhéantar maidir le huisce agus molann sé go gcuirfí chun feidhme Straitéis Uile-Chórais um Uisce agus Sláintíocht na Náisiún Aontaithe, chomh maith le huisce a mheas mar shaincheist thrasearnálach i dtionscnamh NA80 agus an clár oibre domhanda maidir le huisce a neartú sa tréimhse tar éis 2030. Tacaíonn an tAontas le haontachas breise a dhéanamh leis an gCoinbhinsiún maidir le Cosaint agus Úsáid Sruthchúrsaí Trasteorann agus Lochanna Idirnáisiúnta (an Coinbhinsiún Uisce).